# Nóta Faisnéise do *Chreatchuraclam na Bunscoile*

Márta 2023

## Réamhrá

Rinne Curaclam na Bunscoile, a tugadh isteach i 1999, freastal maith ar an gcóras oideachais ag leibhéal na bunscoile le fiche bliain anuas. É sin ráite, mar gheall ar fhorbairtí san oideachas go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chomh maith le hathruithe sa sochaí, tá gá anois athshamhlú a dhéanamh ar an todhchaí do pháistí agus do shaoránaigh na hÉireann. Is air seo a bhí obair An Chomhairle Náisiúnta agus Measúnachta (CNCM) dírithe le blianta beaga anuas.

Tugann an nóta seo forléargas ar phróiseas forbartha *Chreatchuraclam na Bunscoile*, na príomhtheachtaireachtaí atá mar bhonn agus mar thaca dó, na rannóga de Churaclam Bunscoile athfhorbartha, agus forbairtí leanúnacha.

Tá doiciméad le tacar de Cheisteanna Coitianta (FAQ) ar ár suíomh gréasáin: www.ncca.ie

## An próiseas forbartha

Sa phróiseas a bhain le *Creatchuraclam na Bunscoile* a fhorbairt do gach bunscoil agus scoil speisialta, mealladh páirtithe leasmhara ar fud an chórais le bheith rannpháirteach ina dhearadh. Tháinig sé chun cinn trí cheithre réimse leathana gníomhaíochta, lena n-áirítear:

1. Taighde: tharraing na moltaí ar chorpas leitheadach taighde chomhaimseartha náisiúnta agus idirnáisiúnta atá anseo ar shuíomh gréasáin CNCM. Tharraing sé ar an staidéar *Children's School Lives* (CSL) freisin, an staidéar fadaimseartha náisiúnta a thuairiscíonn ar thaithí 4,000 páistí i 189 bunscoil in Éirinn.
2. Líonraí: d'oibrigh an Fóram Scoileanna, líonra ina bhfuil 57 scoil atá comhdhéanta de bhunscoileanna den chuid is mó chomh maith le roinnt iar-bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus réamhscoileanna ó gach cearn den tír le chéile ar bhonn leanúnach chun smaointe ón taighde a chíoradh, ag tabhairt le chéile a n-eispéireas scoile chuig plé.
3. Plé: obair go dlúth leis na comhpháirtithe oideachais trí struchtúir ionadaíocha CNCM, agus le páirtithe leasmhara níos leithne trí imeachtaí ar nós seimineáir churaclaim agus an tsraith seimineár *Leading Out*.
4. Comhairliúchán: Bhí na torthaí ón gcomhairliúchán fairsing ar *Dhréachtchreat Churaclam na Bunscoile*, lena n-áirítear comhairliúchán le páistí atá in aois bunscoile, ina ndlúthchuid de thabhairt chun críche an creata; chomh maith le comhairliúcháin eile a rinneadh le déanaí lena n-áirítear moltaí i dtaca le am agus struchtúr an churaclaim; agus forbairtí maidir le teanga agus matamaitic.

## Creatchuraclam na Bunscoile

Léiríonn *Creatchuraclam na Bunscoile* an tuiscint chomhroinnte atá againn ar an iliomad gnéithe dearfacha den oideachas inár mbunscoileanna agus inár scoileanna speisialta, agus an mhuinín atá againn astu. Tacaíonn sé le boird bhainistíochta ina ndualgais reachtúla a chinntiú go gcuirtear oideachas cuí ar fáil do gach páiste inár scoileanna agus admhaíonn sé a bhfreagrachtaí maidir le spiorad saintréitheach na scoile.

Leagann an creat amach an fhís, na prionsabail, príomhinniúlachtaí; struchtúr; cuir chuige i leith foghlama, teagaisc agus measúnaithe; agus leithdháiltí ama do churaclam athfhorbartha. Tugann an creat treoirphlean freisin chun feabhas an bhunoideachais agus an oideachais speisialta a threorú sna blianta amach romhainn

An Creat:

- is do gach bunscoil agus scoil speisialta atá sé
- leagtar amach ann an fhís agus na prionsabail do churaclam athfhorbartha
- cuirtear i láthair ann na príomhinniúlachtaí d'fhoghlaim páistí
- leagtar amach ann na príomhthréithe agus na príomhghnéithe le Curaclam na Bunscoile a athfhorbairt ina iomláine, ag tabhairt mionsonraí faoi réimsí agus ábhair an churaclaim; agus na leithdháiltí ama
- cuirtear i láthair ann agus cuirtear leis na gnéithe foghlama lena n-áirítear Oideachas ETIM, Nuatheangacha Iasachta, Teicneolaíocht agus Oideachas Ealaíon níos leithne
- cuirtear níos mó béime ar réimsí atá ann cheana féin ar nós Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) (Folláine) agus foghlaim dhigiteach
- cuirtear níos mó gníomhaireachta agus solúbthachta ar fáil do mhúinteoirí agus páistí.

Anuas air seo, nascann an creat le heispéiris foghlama a chuireann na téamaí ó *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* ar fáil agus ceanglaíonn sé leis na hábhair, príomhscileanna agus ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*.

## Príomhathruithe ó Churaclam na Bunscoile atá ann faoi láthair

**Tógann *Creatchuraclam na Bunscoile* ar an rath a bhí ar churaclam 1999 agus a gcuid láidreachtaí, agus ag an am céanna ag aithint agus ag freagairt do dhúshláin agus riachtanais agus tosaíochtaí athraitheacha.**

Agus an curaclam atá ann faoi láthair i bhfeidhm, tá an fhoghlaim níos taitneamhaí, tá níos mó úsáide á baint as modheolaíochtaí gníomhacha agus tháinig feabhas ar leibhéil ghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, de réir mheasúnú náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tógfaidh an curaclam athfhorbartha ar an rath seo agus tabharfaidh sé aghaidh ar ró-ualach curaclaim, ag aithint straitéisí, tionscnaimh agus cláir agus tosaíochtaí d'fhoghlaim páistí á soiléiriú.

Tacóidh sé le leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim páistí sa réamhscoil trí *Aistear – Creatchuraclam na Luath Óige* agus san taithí a bheidh acu ag an iar-bhunscoil tríd an *gCreat don tSraith Shóisearach*.

**Tacaíonn *Creatchuraclam na Bunscoile* le gníomhaireacht agus le solúbthacht.**

Aithníonn an creat gairmiúlacht agus gníomhaireacht múinteoirí agus príomhoidí agus iad ag cur an curaclam i bhfeidhm i gcomhthéacs a scoile féin trí breis solúbthachta a chur ar fáil do scoileanna maidir le pleanáil agus socruithe amchláir chun deiseanna agus tosaíochtaí a aithint agus freagairt dóibh. Nascann an creat le comhthéacsanna éagsúla scoile ag aithint go mbeidh solúbthacht de dhíth maidir le cén chaoi a n-oibríonn scoileanna leis an gcuraclam. Trí leas a bhaint as Torthaí Foghlama sna sonraíochtaí, cuirfidh an curaclam athfhorbartha níos mó deiseanna ar fáil le haghaidh solúbthacht agus rogha i bhfoghlaim páistí.

**Ceanglaíonn *Creatchuraclam na Bunscoile céard agus conas a fhoghlaimíonn páistí sa réamhscoil, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.***

Leagann an creat amach fís soiléir d'fhoghlaim páistí thar ocht mbliana den bhunscoil agus déanann sé naisc le heispéiris foghlama a sholáthraítear trí théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus ceanglaíonn sé leis na hábhair, príomhscileanna agus ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*. Anuas air seo, tacaíonn sé le páistí agus iad ag aistriú ó shuíomh amháin go ceann eile trí naisc a dhéanamh leis an méid a fhoghlaimíonn páistí agus a modhanna foghlama sa bhaile, sa réamhscoil agus san iar-bhunscoil.

**Aithníonn *Creatchuraclam na Bunscoile tosaíochtaí uasdátaithe d'fhoghlaim páistí***

Neadaíonn an creat seacht príomhinniúlachtaí trasna Torthaí Foghlama páistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé a dhíríonn ar scileanna, eolas, meonta, luachanna agus dearcthaí na bpáistí a fhorbairt. Tá níos mó béime ar réimsí atá ann cheana amhail Corpoideachas agus An tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus foghlaim dhigiteach, agus tugtar réimsí nua amhail Nuatheangacha Iasachta, Teicneolaíocht agus Oideachas Ealaíon níos leithne isteach.

**Déanann *Creatchuraclam na Bunscoile* athruithe ar na gcaoi a dhéantar an curaclam a struchtúrú agus a chur i láthair.**

Cuirtear an curaclam i láthair i gcúig réimse curaclaim leathana;


- Teanga
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
- Folláine
- Oideachas Ealaíon
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Cuireann an creat eispéireas foghlama comhtháite ar fáil, le réimse curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha - Rang a Dó). Aithníonn na réimsí seo aois agus céim forbartha páistí

níos óige, agus tugann siad níos mó rogha don mhúinteoir agus é ag ullmhú d'eispéiris foghlama shaibhre agus á n-éascú trí chuir chuige spraíúla agus tharraingteacha.

Tacaíonn an curaclam le foghlaim agus forbairt páistí níos sine i gcéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí go Rang a Sé) nuair a thógtar ar na réimsí curaclaim ó chéimeanna 1 agus 2 agus roinntear iad níos mó ina n-ábhair de réir mar a fhásann feasacht na bpáistí ar ábhair mar bhealach chun an domhan a eagrú.

**Fíor 1: Réimsí agus ábhair sa churaclam**




Sa bhreis ar na cúig réimse curaclaim, tá ceart dlíthiúil ag pátrúin scoile a gclár féin a dhearadh de réir spiorad saintréitheach a scoile. Is cuid de thaithí foghlama na bpáistí i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta é an clár sin.

**Tacaíonn *Creatchuraclam na Bunscoile* le cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta éagsúla leis an measúnú lárnach san teagasc agus foghlaim**

Cuireann an creat teagasc, foghlaim agus measúnú d'ardchaighdeán ar fáil le measúnú mar chuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaim. Leagann an creat béim ar thábhacht breithiúnas gairmiúil múinteoirí agus iad ag tacú le foghlaim páistí, agus spreagann sé múinteoirí chun naisc fhiúntacha a dhéanamh le spéiseanna agus le heispéiris na bpáistí. Aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le caidrimh fhiúntacha agus an tionchar atá acu ar fhoghlaim páistí, chomh maith le ról agus tionchar tuismitheoirí agus teaghlaigh in oideachas páistí.

## Leithdháiltí ama molta

Tá aird dírithe ar na leithdháiltí ama molta i *gCuraclam na Bunscoile* athfhorbartha in ailt sna meáin le déanaí.

Is leithdháiltí íos-ama ar bhonn seachtainiúil a chuireann *Curaclam na Bunscoile* (1999) atá ann faoi láthair ar fáil. De réir *An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*, méadaíodh an leithdháileadh ama don litearthacht agus don uimhearthacht. Tháinig tionchar an athraithe seo chun cinn le linn an chomhairliúcháin ar Mholtaí maidir le struchtúr agus am i gcuraclam na bunscoile athfhorbartha (2018). Is iad seo a leanas na príomhthorthaí a thagann as an gComhairliúchán ar mholtaí maidir le struchtúr agus am sa curaclam bunscoile athfhorbartha:

- Tacaíocht maidir le hathrú a dhéanamh ar cén chaoi a dhéantar am a leithdháileadh trasna an churaclaim
- Tacaíocht láidir maidir le breis solúbthachta do scoileanna agus iad ag déanamh cinneadh faoi leithdháiltí ama sa churaclam
- Tacaíocht láidir maidir le tabhairt ar ais Am Solúbtha, a raibh tionchar ag an straitéis litearthachta agus uimhearthachta air
- Comhaontú ginearálta maidir leis an moladh faoi dhá chatagóir ama (Am Solúbtha agus Íos-Am Curaclaim)
- Imní maidir leis an leithdháileadh ama don Chorpoideachas agus don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
- Imní go bhféadfadh roinnt ábhar 'cailleadh amach' i gcuraclam athfhorbartha agus athbhreithniú á dhéanamh ar leithdháileadh ama.

Agus na torthaí seo á dtabhairt san áireamh, cuireann an creat leithdháiltí ama in iúl trí leas a bhaint as dhá chatagóir: Íos-Am Curaclaim (leithdháileadh seachtainiúil agus leithdháileadh míosúil) agus Am Solúbtha (leithdháileadh míosúil). Tá sé beartaithe go n-úsáidfear na leithdháiltí ama ar bhealach solúbtha, ar mhaithe le foghlaim chomhtháite a chuimsiú, leas a bhaint as deiseanna foghlama nach rabhas ag súil leo, agus chun tacú le heispéiris foghlama thumthacha.

Mar fhreagra ar na héilimh láidre do sholúbthacht agus níos mó ama don Chorpoideachas agus don OSPS, cuireann an creat bloc míosúil ar fáil d'Am Solúbtha agus méadaíonn sé an leithdháileadh ama seachtainiúil don Fholláine (Corpoideachas agus OSPS) ó 1.5 uair an chloig go 3 uair an chloig.

Chun na hathruithe seo a dhéanamh, tógadh am ó gach réimse eile den churaclam. Do Theanga 1, laghdaíodh an t-am le:

- 45 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gCéim a 1
- 15 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gCéim a 2
- 60 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gCéimeanna a 3 agus a 4.

Tógann an laghdú i dTeanga 1 na scoile taithí na bpáistí ar an dá bhliain réamhscoile saor in aisce mar chuid den Scéim Curaim agus Oideachais na Luath-Óige (ECCE). De réir na figiúirí is déanaí, baineann 97% de pháistí leas as an gclár seo agus baineann siad tairbhe as a n-eispéiris foghlama teanga trí *Aistear – Creatchuraclam na Luath-Óige*. Tugtha isteach i 2009, ní raibh an creat seo nó an scéim ECCE ar fáil do pháistí a bhí ag freastal ar bhunscoileanna agus scoileanna speisialta nuair a foilsíodh na leithdháiltí ama molta i gCuraclam na Bunscoile atá ann faoi láthair.

Is mar gheall ar thabhairt isteach na Nuatheangacha Iasachta (NTI) an laghdú méadaithe san leithdháileadh ama i gCéimeanna 3 agus a 4. Tacaíodh leis seo go láidir le linn an chomhairliúcháin le páistí, tuismitheoirí agus an pobal níos leithne, agus roinnt múinteoirí agus ceannairí scoile ag aithint dúshláin maidir le tabhairt isteach NTI.

Fanann Teanga 2 na scoile (Gaeilge i scoileanna lán-Bhéarla agus Béarla i scoileanna lán-Ghaeilge) mar a bhí do Chéim 1 (2.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine) agus laghdaítear é le 30 nóiméad i gCéimeanna 2 – 4 (ó 3.5 uair an chloig go 3 uair an chloig).

Laghdaítear Matamaitic le 25 nóiméad i gCéim 1 agus le 10 nóiméad i gCéimeanna 2 – 4.

Laghdaítear Oideachas Ealaíon – ina n-ionchorpraítear ealaíona na meán agus damhsa mar chuid de chur chuige níos leithe maidir le hOideachas Ealaíon – le 15 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gCéim a 1, le 45 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gCéim a 2, agus le 60 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gCéimeanna a 3 agus a 4.

Mar gheall go bhfuil na réimsí curaclaim a bhaineann le hOideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI), agus an t-ábhar Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta leagtha amach i mbealach éagsúil sa churaclam bunscoile athfhorbartha, ní féidir comparáid díreach a dhéanamh ón gcuraclam atá ann faoi láthair agus an ceann nua.

Laghdaíodh Oideachas Reiligiúnach/ Eiticiúil/ Ilchreidmheach agus Luachanna - Clár an Phátrúin na scoile le 50 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gCéim a 1 agus le 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gCéimeanna 2 – 4.

Cuireadh glaoch rolla agus am tionóil le chéile agus rinneadh leath dó ó 2.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine go 1 uair an chloig agus 15 nóiméad in aghaidh na seachtaine.

Tá na hathruithe ama ríofa thuas bunaithe ar na hoiriúnuithe déanta san *Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* agus trí ciorclán 56/2011.

## Forbairtí Leanúnacha

Beidh *Creatchuraclam na Bunscoile* in úsáid mar threoir ag forbairt na sonraíochtaí le haghaidh gach ceann de na réimsí curaclaim. Bhunaigh an CNCM Meithleacha Forbartha do gach réimse curaclaim agus beidh an dréacht sonraíocht ar fáil do chomhairliúchán poiblí i 2024. Samhlaíonn an CNCM go mbeidh deireadh le forbairt na sonraíochtaí do gach réimse curaclaim i 2025. Is ceist í don Roinn Oideachais, amlíne le haghaidh obair na scoileanna ó thaobh chur i bhfeidhm an churaclaim athfhorbartha, agus is iad a leagfaidh an amlíne sin amach. Cliceáil ar an nasc thíos le haghaidh tuilleadh eolais ar na Meithleacha Forbartha:
Boird agus Grúpaí Forbartha | NCCA

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment